TREOIR

SAORÁLA FAISNÉISE

Treoir ar Fheidhmeanna,
Thaifid, Rialacha agus Cleachtais
na Seirbhíse Promhaidh

Leabhar Tagartha, Rannóg 15 agus 16

THE PROBATION SERVICE
An tSeirbhís Phromhaidh

Pobail faoi chosaint trí chóimheas, trí fhreagracht agus trí chuimsiú sóisialta

Aibreán 2008

Clár Ábhair

Saoráil Faisnéise 4
An tSeirbhís Phromhaidh 8

Cuid 1 Rannóg 15 na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003

Oifig an Stiúrthóra 11
An Stiúrthóireacht Oibríochtaí 12
An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt 16
An Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna 18
Aonad Seirbhísí Corparáideacha 20
Aonad Airgeadas 22
Aonad Acmhainní Daonna 24
Aonad Teicneolaíocht Faisnéise 26

Cuid 2 Rannóg 16 na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003

Réamhrá 29
An Stiúrthóireacht Oibríochtaí 30
An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt 30
Seirbhísí Corparáideacha/An Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna 31
Aonad Seirbhísí Corparáideacha 31
Aonad Airgeadas 32
Aonad Acmhainní Daonna 32
Aonad Teicneolaíocht Faisnéise 33

Saoráil Faisnéise

Iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003

De réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003, tá duine ar bith I dteidal iarratas a chur isteach ar rochtain ar fhaisnéis **NACH** bhfuil ar fáil go poiblí ar dhóigh eile.

Tá an ceart ag gach aon duine:

- Rochtain ar taifid atá i seilbh na Seirbhíse
- Iarratas ar ceartúcháin a dhéanamh ar shonraí pearsanta atá i seilbh na Seirbhíse, a bhaineann leis an duine féin, i gcás ina mbíonn sé mícheart, faisnéis ar iarraidh nó míthreorach
- Rochtain ar fháthanna le haghaidh breitheanna a rinne an tSeirbhís a bhaineann go díreach leis an duine féin.

Is iad na taifid atá faoi scóip an Achta mar seo a leanas;

- Gach aon taifead atá i seilbh na Seirbhíse ar a bhfuil tagairt ar fhaisnéis phearsanta cibé tréimhse a cruthaíodh
- Gach aon taifead eile a cruthaíodh i ndiaidh thosach feidhme an Acht, is é sin 21 Aibreán 1998 (faoi réir díolúintí éagsúla)
- Taifead ar bith eile atá riachtanach chun taifead reatha a thuiscint.

Ní mór iarrataí ar fhaisnéis faoin Acht um SF a sheoladh chuig;

Oifigeach Saorála Faisnéise
An tSeirbhís Phromhaidh
Margadh an Fhéir
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Ní mór iarratais a chur isteach i scríbhinn nó trí r-phoist a sheoladh chuig foi@probation.ie agus léiriú go bhfuil an iarratas á dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Má éilítear an fhaisnéis i bhfoirm áirithe (ar nós fótachóip, dioscaríomhaire, srl) ní mór é seo a shonrú san iarratas. Ní mór faisnéis, atá chomh mionsonraithe sainiúil agus is féidir, a thabhairt sna hiarrataí sa dóigh gur féidir leis an bhfaisnéis atá a hiarraidh a aithint. Bá cófir ag daofine uimhir guthan I rith an lae a sholáthar freisin, chun teagmháil a dhéanamh le sonraí na hiarrata a shoiléiriú más gá.

Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc

Leagann an tAcht um SF sraith díolúintí amach a chosnaíonn faisnéis íogair i gcás gur féidir go ndéanann nochtadh na faisnéise sin damáiste a dhéanamh ar phríomhleasa an Stáit nó ar thríú páirtithe. I gcás ina n-agraíonn Roinn/Oifig na forálacha seo chun faisnéis a choinneáil siar, is féidir leis an iarratasóir achomharc a iarraidh ar an mbreith. Is féidir achomharc a dhéanamh ar bhreitheanna a bhaineann le rochtain a cuireadh siar, le táillí, le foirmeacha rochtana, srl. Leagtar sonraí ar mheicníocht achomharc amach sna hailt seo a leanas.

Athbhreithniú Inmheánach

Is féidir leat athbhreithniú inmheánach an chéad bhreith a iarraidh, agus déanfaidh oifigeach ag leibhéal níos airde an t-athbhreithniú seo i gcás;

- nach bhfuil tú sásta leis an gcéad fhreagairt a fuair tú, is é sin, faisnéis a dhiúltú, foirm rochtana, táillí, srl, ná
- nach bhfuair tú freagairt laistigh de 20 lá oibre den chéad iarraidh.
- Meastar gur diúltú na hiarrata é seo agus tá an céad agat leanúint ar aghaidh go hathbhreithniú inmheánach.

Ní mór athbhreithniú inmheánach a iarraidh i scríbhinn laistigh de 20 lá oibre den chéad bhreith chuig:

Oifigeach Saorála Faisnéise
An tSeirbhís Phromhaidh
Margadh an Fhéir
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7

Ní mór don tSeirbhís an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de 15 lá oibre. De ghnáth, ní mór athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích roimh achomharc a dhéanamh don Choimisinéir Faisnéise.

Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise

Má tá tú fós míshasta I ndiaidh an athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích, is féidir leat athbhreithniú neamhspleách na breithe a iarraidh ón gCoimisinéir

Faisnéise. Ina mhalairt dá chás, mura bhfaightear freagairt ón tSeirbhís laistigh de 15 lá oibre, is féidir é seo a mheas mar dhiúltú agus féadtar achomharc a dhéanamh don Choimisinéir le haghaidh athbhreithnithe.

Ní mór achomhairc a dhéanamh i scríbhinn don Choimisinéir Faisnéise ag an seoladh a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18, Sráid Líosáin Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Tel: 01-6395689
Lóghlao: 1890 22 30 30
Facs: 01-6395674 / 01-6395676
r-phost: info@oic.ie

Achomhairc chun na hArd-Chúirte

Forálann Alt 43 den Acht gurb féadfaidh páirtí in athbhreithniú faoi alt 43 nó aon duine eile a ndéanann breith an Choimisinéara difear dó nó di achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne breithe. Forálann an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 ceart achomhairc don Chúirt Uachtarach ar bhreith na hArd-Chúirte.

Táillí

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus de réir rialachán cuí, i gcásanna áirithe, ní mór táillí a íoc ag am iarraidh nó achomharc a dhéanamh. Tháinig an riachtanas seo chun íocaíochta i bhfeidhm 7 Iúil 2003. Níl táillí iníoctha i gcás nach bhfuil ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir sa taifead/ sna taifid. Mura n-íoctar an táille measfar nach ndearnadh an iarraidh / an t-achomharc. Féadfaidh, i gcásanna áirithe, méid táille a tharscaoileadh nó a laghdú.

Leagtar sonraí i gcás ina bhfuil íocaíocht riachtanach, agus na rataí íocaíochta, amach thíos:

Cineál Iarrata / Achomhairc	An Chéad Iarraidh	Athbhreithniú Inmheánach	Achomharc do C/F
Rochtain ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarratasóir	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha
Leasú taifead (Alt 17 an tAcht um SF)	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha
Ráiteas cúiseanna (Alt 18 an tAcht um SF)	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha
Achomharc breithe chun táille a ghearradh	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha
Iarratas a baineann le Rannóg 28(6) den Acht	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha	Níl Táille Iníoctha
Rochtain ar thaifead neamhphearsanta ag duine nach bhfuil cárta liachta aige/aice	€15	€75	€150
Iarraidh ar thaifead neamhphearsanta ag sealbhóir chárta liachta nó ag cleithiúnaí	€10	€25	€50
Tríúpháirtithe a dhéanann achomhairc ar bhreith comhlachta poiblí chun a gcuid faisnéise a ghéilleadh ar bhonn leasa poiblí	-	-	€50

Is féidir táillí sa bhreis a ghearradh in éineacht leis na táillí iarratais le haghaidh iarrataí um SF mar seo a leanas:

- Maidir le taifid phearsanta, ní ghearrtar táille maidir le costas chóipeáil na dtaifead ach amháin go mbíonn líon mór taifead i gceist.
- Maidir le faisnéis (neamhphearsanta) eile, is féidir táillí a ghearradh ar mhéid an chostais a ghabhann le taifid a chuardach agus a chóipeáil go héifeachta agus é bunaithe ar ráta in aghaidh na huaire. Ní gearrfar táille ar bith eile ar mhéid ama a chaitheann an tSeirbhís lena n-iarrachtaí á meas.

I gcás ar féidir leis an táille iomlán bheith os cionn €50.79 féadtar éarlais a bheith iníoctha. Sna cásanna seo, cuideoidh an tSeirbhís, má iarrtar uirthi, leis an iarraidh a athrú chun gá le haghaidh éarlaise a laghdú nó a chealú más gá.

Is féidir táillí a tharscaoileadh sna cásanna seo a leanas;

- I gcás ina mbeadh costais bhailiúcháin agus aon costas a bhaineann leis níos mó na méid na táille
- I gcás ina mbeadh an fhaisnéis ina cuidiú ar leith ar thuiscint saincheiste a bhfuil tábhachtach náisiúnta uirthi nó
- I gcás faisnéise pearsanta, nach mbeadh na táillí seo réasúnta maidir le hioncam an iarratasóra.

An tSeirbhís Phromhaidh

Gníomhaireacht is ea an tSeirbhís Phromhaidh laistigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Is é ról na Seirbhíse ná leibhéal coireanna a laghdú sa phobal agus sábháilteacht phoiblí a mhéadú trí:

- Measúnacht agus bainistíocht éifeachtach ciontóirí
- Dúshlán a chur faoi iompar ciontach
- Comhtháthú iarchiontóirí a éascú.

Soláthraímid maoirseacht phromhaidh, seirbhís phobail, cláir um iompar ciontach agus sainseirbhísí tacaíochta, do chiontóirí aosta agus óga araon, is é ar aidhm acu stad a chur le tuilleadh cionta.

Is idirghníomhaireacht iad cuid mhór denár n-imeachtaí, agus i measc ár bpríomh-chomhpháirtnéirí atá An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Seirbhís na hÉireann um Cheartas don Ógra, an tSeirbhís Chúirteanna, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána agus réimse eagraíochta eile san earnáil reachtúil chomh maith leis an earnáil deonach agus an earnáil phoiblí. Tugaimid seirbhísí do dhaoine aonair, do phobail, do chúirteanna agus do phríosúin ar fud na tíre. Cé go mbíonn ár gcuid seirbhísí á n-eagrú go hidirnáisiúnta, is go logánta a bhíonn siad á mbainistiú agus á dtabhairt.

Tá breis agus 500 ball foirne i níos mó na 40 suíomh ar fud na tíre lena n-áirítear na poist seo a leanas:

Stiúrthóir (1)
Leas-Stiúrthóir (3)
Stiúrthóir Cúnta (2)
Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta (12)
Oifigeach Sinsearach Promhaidh (57)
Oifigeach Promhaidh (266)
Cúntóir na Seirbhíse Promhaidh (10)
Maoirseoir Sheirbhís Phobail (55)

Cuntasóir (1)
Príomhoifigeach Cúnta (2)
Ardoifigeach Feidhmiúcháin (7)
Oifigeach Feidhmiúcháin (11.5)
Oifigeach Foirne (1)
Oifigeach Cléireachais (67)
Oifigeach Seirbhíse (4)

Cé gur cuid den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí í tá an tSeirbhís Phromhaidh lonnaithe ar leithligh agus déanann Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh bainistíocht uirthi ar bhonn laethúil.

Tá Príomhoifig na Seirbhíse Promhaidh lonnaithe i dTeach Athlumney, Johnstown, Co. na Mí.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Promhaidh ag www.probation.ie.

Rannóg 15
na nACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE 1997 & 2003

Oifig an Stiúrthóra

Ról na hOifige

Tá freagracht ag Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh as pleanáil agus as bainistíocht na Seirbhíse Promhaidh chomh maith le riarachán iomlán ó lá go lá.

Tacaíonn 3 Leas-Stiúrthóir leis an Stiúrthóir agus tá gach duine acu freagrach as ceann de na Stiúrthóireachtaí mar seo a leanas:

- An Stiúrthóireacht Oibríochtaí
- An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt
- An Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna

Tá gach Leas-Stiúrthóir faoi stiúradh díreach an Stiúrthóra.

Struchtúr na hOifige

Tá foireann in oifig an Stiúrthóra mar seo a leanas:

Stiúrthóir (1)
Ardoifigeach Feidhmiúcháin (2)
Oifigeach Feidhmiúcháin (2)
Oifigeach Cléireachais (3)

Seachadadh Seirbhíse

Is é an fócas don Stiúrthóir ar sheachadadh seirbhíse na chun chinntiú go gcomhlíonfar ardspriocanna na Seirbhíse Promhaidh agus go gcuirfear Plean Straitéiseach na Seirbhíse i bhfeidhm. Tacaíonn an Plean Straitéiseach den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis seo.

Cinneálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

- Doiciméid Phleanála Gnó
- Doiciméid Bheartas & Straitéis
- Comhfhreagras Inmheánach agus Seachtrach
- Doiciméid Riaracháin Ghinearálta

Faisnéis Infhaighte

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Plean Straitéiseach den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Tuilleadh Faisnéise

Ní mór iarratais ar thuilleadh faisnéise ar an tSeirbhís Phromhaidh a sheoladh chuig;

An Stiúrthóir
Príomhoifig na Seirbhíse Promhaidh
Teach Athlumney
Johnstown
Co. na Mí

An Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Ról na Stiúrthóireachta

Is é is aidhm atá ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí na riosca athchiontaithe a laghdú trí mheasúnuithe cáilíochta agus maoirseacht éifeachtach agus trí chiontóirí a chomhtháthú leis an bpobal arís. Chuige seo, soláthraíonn an fhoireann obair phromhaidh agus seirbhísí bainteacha do na cúirteanna, do na príosúin agus d'áiteanna coinneála.

Ina n-áirítear san obair:

- Measúnuithe réamh-smachtbanna a ullmhú do na cúirteanna
- Maoirseacht a dhéanamh ar chiontóirí sa phobal a dtarchuireann an chúirt chucu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chiontóirí atá ar scaoileadh coinníollach ó choimhéad.

Struchtúr na Stiúrthóireachta

Tá na poist seo a leanas sa Stiúrthóireacht:

Leas-Stiúrthóir (1)
Stiúrthóir Cúnta (2)
Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta/Bainisteoir Réigiúnach (9)
Príomhoifigeach Cúnta (1)
Oifigeach Sinsearach Promhaidh (57)
Oifigeach Promhaidh (266)
Cúntóir na Seirbhíse Promhaidh (10)
Maoirseoir Sheirbhís Phobail (55)

Tá freagracht iomlán ag an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí as riarachán, pleanáil agus as bainistíocht na Stiúrthóireachta seo ó lá go lá agus tugann tuairiscí go rialta do Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Tá na Leas-Stiúrthóirí faoi stiúradh Leas-Stiúrthóra Oibríochtaí agus tá an fhreagracht acu as Promhadh agus Seirbhís Phobal don Óga & Tionscadail Seirbhíse Cistithe.

Eagraítear soláthair na seirbhíse ag leibhéal áitiúil ar bhonn foirne trí struchtúr réigiúnach a úsáid. Tá 7 Réigiún Oibríochta ann. Eagraítear dhá cheann acu;

- Promhadh don Óga
- Príosúnaigh, Riosca agus Athshocrú

go náisiúnta. Is le Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta (nó Bainisteoir Réigiúnach) freagracht na 5 réigiún eile, mar a leanas;

- Baile Átha Cliath Thuaidh agus Thoir Thuaidh
- Baile Átha Cliath Theas & Cill Mhantáin
- an Lár-Réigiún & Thoir Theas
- Thiar Theas
- an tIarthar/Iarthuaisceart & an Iarmhí

Tugann foireann Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus do gach oifig réigiúnach.

Seachadadh Seirbhíse

Tá céimeanna leathana an chórais cheartais choiriúil mar seo a leanas:

Imscrúdú – Ionchúiseamh – Triail - Smachtbhanna

Uaireanta bíonn bhaint ag an tSeirbhís Phromhaidh leis an Chóras Ceartais Coiriúil le linn chéim na trialach, mar shampla nuair a éilíonn an chúirt ar Oifigeach Promhaidh comhdháil teaghlaigh a eagrú. Níos minice, bíonn páirt againn sa chóras ceartais coiriúil idir céimeanna na trialach agus smachtbhanna, go minic i gcás ina n-éilíonn cúirt trialach measúnacht réamh-smachtbanna agus tuairisc a dhéanamh le cuidiú chun smachtbhanna cuí a chinneadh. I gcásanna áirithe, féadann an chúirt meas chun ciontóir a chur ar mhaoirseacht phromhaidh nó ar sheirbhís phobail.

I gcás ina shocraíonn an chúirt smachtbhanna pobailbhunaithe a ghearradh tá an fhreagracht againn bainistíocht a dhéanamh ar an smachtbhanna agus maoirseacht a dhéanamh ar an gciontóir. Tugaimid cúnamh do chiontóirí bheith ina saoránaigh níos fearr agus an díobháil, a rinne an coir, a shlánú. Tugaimid faoi na céimeanna cuí chun riosca díobhála nó athchiontaithe leis an gciontóir a laghdú fosta.

Ta ról tábhachtach againn le phleanáil agus ullmhú le haghaidh scaoileadh na bpríosúnaigh agus lena bhfilleadh don phobal. Déanaimid maoirseacht fosta ar líon ciontóirí i ndiaidh dóibh scaoileadh ón bpríosún. Tá an ról seo dírithe ar ath-chomtháthú an ciontóra leis an tsochaí, agus tosaíocht ar chosaint an phobail agus ar riosca athchiontaithe a laghdú.

Bíonn an tSeirbhís Phromhaidh ag obair i gcomhar le gníomhaíochtaí ceartais coiriúil i ndlínsí eile, go háirithe i gcásanna a mbíonn ciontóirí ag aistriú idir tíortha.

Bímid ag obair i gcomhar le réimse forleathan comhpháirtithe ranna agus gníomhaíochtaí eile, iad siúd sna hearnála reachtúla, deonacha agus poiblí san áireamh chun comhspriocanna a bhaint amach le haghaidh thógáil sochaí níos fearr agus níos sábháilte.

Faisnéis Infhaighte atá ar Fáil

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Bileoga Faisnéise & Leabhráin Fhaisnéise
- Cairt Íospartach
- Treoirlínte & Caighdeáin Chleachtais

Tá faisnéise iomlán thuas ar fáil ó láithreán gréasáin na Seirbhíse Promhaidh ag www.probation.ie

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

Is mar seo a leanas taifid i bhformáid leictreonach agus páipéir atá i seilbhe na Stiúrthóireachta Oibríochtaí:

- Doiciméid a bhaineann le bainistíocht ciontóirí
- Clárlanna Comhad
- Tuairiscí Iarmhairtí ar Íobartach
- Doiciméid a bhaineann le Tionscadail atá cistithe ag an tSeirbhís Phromhaidh
- Doiciméid Phleanála agus Bheartas maidir le reáchtáil na Stiúrthóireachta
- Doiciméid riaracháin ghinearálta maidir le reáchtáil na Stiúrthóireachta lena n-áirítear bainistíocht foirne agus caidreamh idir an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus Ranna eile an Rialtais agus Comhlachtaí.

Tuilleadh Faisnéise

Ní mór iarratais ar thuilleadh faisnéise a sheoladh chuig:

Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
Príomhoifig na Seirbhíse Promhaidh
Teach Athlumney
Johnstown
Co. na Mí

An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt

Ról na Stiúrthóireachta

Tá freagracht ag An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt as na nithe seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar thaighde atá ag teacht chun cinn
- Cúrsaí pleanála agus tabhairt faoi thaighde ar éifeachtacht cláir
- Bonn reachtaíochta a athbhreithniú go grinn
- Moltaí le haghaidh reachtaíochta nua a fhorbairt agus a chur in iúl
- Treoirlínte cleachtais agus nósanna imeachta a nuashonrú agus a mhéadú
- Fócas feabhsaithe ar íospartaigh a thabhairt isteach cleachtas promhaidh ó lá go lá.
- Suim i gceartas aisiríoch a spreagadh ag an tSeirbhís
- Cláir oiliúna a phleanáil agus a sholáthair
- Leanúint chun samhail chomhtháite Chóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG) a chur i bhfeidhm
- Scil agus cumas bainistíochta a neartú
- Foireann a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí nua, le reachtaíocht agus le treoirlínte
- Deiseanna oiliúna seachtracha a chomhordú
- Cur le hoiliúint i gcomhlachtaí eile
- Tacaíocht agus oiliúint le haghaidh oiliúint foirne

Struchtúr na Stiúrthóireachta

Tá na poist seo a leanas sa Stiúrthóireacht Taighde & Forbairt:
Leas-Stiúrthóir Taighde, Oiliúna & Forbairt (1)
Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta (2)
Oifigeach Sinsearach Promhaidh (1)
Oifigeach Promhaidh (4)

Tá freagracht iomlán ag an Leas-Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Forbairt as riarachán, pleanáil agus as bainistíocht na Stiúrthóireachta seo ó lá go lá agus tugann tuairiscí go rialta do Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Tugann foireann Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna agus Forbairt.

Seachadadh Seirbhíse

Is custaiméirí de chuid An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna agus Forbairt iad foireann agus lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh .

Bheadh an Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna agus Forbairt ag comhoibriú leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le gníomhaíochtaí eile na Roinne agus le Ranna eile an Rialtais.

Maidir le soláthair seirbhísí díreach chuig baill an phobail ba é an phríomhidirghníomhaíocht sa chás seo ná:

- Seirbhísí Promhaidh na hEorpa agus go háirithe le Seirbhís Phromhaidh Thuaisceart na hÉireann (PBNI)
- Ollscoileanna maidir le socrúcháin oibre na Mac Léinn
- Forais oiliúna agus comhlachtaí oiliúna eile

Faisnéis Infhaighte

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Foilseacháin Taighde mar atá liostaithe ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Promhaidh

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

- Doiciméid Bheartas
- Doiciméid Reachtaíochta
- Doiciméid Taighde
- Doiciméid maidir le CBFG
- Cúrsaí Oiliúna – Ábhar, Cur i bhFeidhm agus Sceidil
- Cur i bhfeidhm le haghaidh oiliúna seachtracha
- Doiciméid maidir le caiteachas oiliúna

- Doiciméid maidir le forbairt cleachtais & treoirlínte nósanna imeachta
- Doiciméid maidir le Ceartas Aisiríoch

Tuilleadh Faisnéise

Ní mór iarratais ar thuilleadh faisnéise a sheoladh chuig:
Leas-Stiúrthóir Taighde, Oiliúna & Forbartha
Príomhoifig na Seirbhíse Promhaidh
Teach Athlumney
Johnstown
Co. na Mí

An Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna

Ról na Stiúrthóireachta

Is é an ról atá ag an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna ná:
- Bainistíocht airgeadais éifeachtach na Seirbhís Promhaidh a sholáthair
- Faisnéis bheacht ardcháilíocht a thabhairt
- Timpeallacht sábháilte inrochtaine a chur ar fáil don fhoireann agus do dhaoine atá ag úsáid na Seirbhíse
- Comhtháthú agus comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí uile le sprioc na Seirbhíse Promhaidh a bhaint amach chun athchiontú a laghdú.

Tá freagracht iomlán ag an Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna as riarachán, pleanáil agus as bainistíocht na Stiúrthóireachta seo ó lá go lá agus tugann tuairiscí go rialta do Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh.

Struchtúr na Stiúrthóireachta

Tá an Stiúrthóireacht comhdhéanta de ceithre aonaid le feidhmeanna agus freagrachtaí ar leith gach aon cheann acu;
- Aonad Seirbhísí Corparáideacha
- Aonad Airgeadais
- Aonad Acmhainní Daonna
- Aonad Teicneolaíocht Faisnéise

Agus tá na poist seo a leanas iontu;
Leas-Stiúrthóir (1)
Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta (1)
Príomhoifigeach Cúnta (1)
Ardoifigeach Feidhmiúcháin (5)
Oifigeach Feidhmiúcháin (9.5)
Oifigeach Foirne (1)
Oifigeach Cléireachais (67)
Oifigeach Seirbhíse (4)

Tugann foireann na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin d'Oifig na Stiúrthóra agus do na Stiúrthóireachtaí uile eile.

Tuilleadh Faisnéise

Ní mór iarratais ar thuilleadh faisnéise a sheoladh chuig:

Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna
Príomhoifig na Seirbhíse Promhaidh
Teach Athlumney
Johnstown
Co. na Mí

Aonad Seirbhísí Corparáideacha

Is é ról an aonaid seirbhísí tacaíochta a thabhairt don tSeirbhís Phromhaidh. Tá freagracht aige as mar seo a leanas;

- Comhpháirtíocht
- Sláinte & Sábháilteacht
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Ceisteanna Parlaiminteacha
- Cumarsáid
- Seirbhís do Chustaiméirí
- Bainistíocht Conarthaí
- Sholáthair, cothabháil agus daingniú cóiríochta
- Soláthair oifige agus troscán a cheannach
- Trealamh agus seirbhísí neamhTF a cheannach
- Teileachumarsáid
- Bainistíocht Faisnéise
- Clárlann Comhad
- Seirbhísí teileafóin
- Tacaíocht riaracháin go náisiúnta

Struchtúr an Aonaid

Tá an tAonad Seirbhísí Corparáideacha lonnaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh, Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 agus tá pearsanra ann mar a leanas:

Ardoifigeach Feidhmiúcháin (3)
Oifigeach Feidhmiúcháin (2)
Oifigeach Cléireachais (2)

Tá an tAonad Seirbhísí Corparáideacha faoi stiúradh Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna.

Seachadadh Seirbhíse

Tá na custaiméirí de chuid an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha comhdhéanta de foireann agus lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh agus na dtionscadal seirbhís chistithe.

Bheadh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le gníomhaíochtaí eile na Roinne agus le Ranna eile an Rialtais chomh maith.

Maidir le soláthair seirbhísí díreach chuig baill an phobail ba é an phríomhidirghníomhaíocht sa chás seo ná:

- soláthraithe earraí, trealaimh agus seirbhísí
- conraitheoirí a thabharfadh comhairle, saineolas agus comhairliúchán.
- Ceisteanna ón bpobal i gcoitinne

Faisnéis Infhaighte

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Cairt Chustaiméirí
- Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Cairt Sláinte & Sábháilteachta

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

Tá taifid i seilbh an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha i bhformáid leictreonach agus páipéir a bhaineann le sonraí mar seo a leanas

- Sonraí Soláthairtí / Conarthaí
- Clárlann Comhad Lárnach
- Ceisteanna Parlaiminteacha
- Taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na rannóige
- Taifid a bhaineann le Sláinte & le Sábháilteacht
- Comhaid Saoráil Faisnéise
- Sonraí Clárúchán ar Chosaint Sonraí
- Doiciméid chumarsáide

Aonad Airgeadais

Ról an Aonaid

Tá freagracht ag an Aonad Airgeadais as mar seo a leanas;

- Bainistíocht agus pleanáil airgeadais, agus sonraí airgeadais a sholáthair agus ciall a bhaint as san áireamh
- Tuairisciú agus rialú airgeadais
- Tuairisciú Ceann Bliana den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- Athbhreithniú agus doiciméadú chórais bhainistíochta airgeadais agus forbairt nósanna imeachta & treoirlínte cuí
- Trealamh agus seirbhísí neamhTF a cheannach don tSeirbhís Phromhaidh
- Sonraisc a bhaineann le neamhTF a phróiseáil d'oifigí Bhaile Átha Cliath
- Oifigigh airgeadais réigiúnacha a mhaoirsiú agus a rialú
- Moltaí le haghaidh cistithe agus bainistíocht airgeadais ginearálta na dtionscadal agus na gcomhlachtaí cistithe

Struchtúr an Aonaid

Tá an tAonad Airgeadais lonnaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh, Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 agus tá 4 phearsanra ann mar a leanas:

Cuntasóir (1)
Oifigeach Feidhmiúcháin (1)
Oifigeach Cléireachais (2)

Tá an tAonad Airgeadais faoi stiúradh Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/ Acmhainní Daonna.

Oifigeach riaracháin atá ceaptha i ngach aon réigiún is ea a thugann tacaíocht don Aonad Airgeadais, duine a bhfuil an fhreagairt aige nó aice as feidhmeanna airgeadais áitiúla agus atá faoi stiúradh an Chuntasóra san Aonad Airgeadais.

Seachadadh Seirbhíse

Tá na chustaiméirí de chuid an Aonaid Airgeadais comhdhéanta de foireann agus lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh.

Bheadh an tAonad Airgeadais i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus leis an Roinn Airgeadais maidir le cúrsaí airgeadais chomh maith.

Maidir le soláthair seirbhísí díreach chuig baill an phobail bheadh an phríomhidirghníomhaíocht sa chás seo le soláthraithe earraí, trealaimh nó seirbhísí. Tá an tAonad Airgeadais faoi réir:

- Rialachán na Roinne Airgeadais
- an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997
- Treoirlínte Soláthairtí Náisiúnta & an AE
- Cinntí as an Tuarascáil Mullarkey

Faisnéis Infhaighte

Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
Tuarascáil Chaiteachais Míosúil

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

Tá taifid i seilbh an Aonaid Airgeadais i bhformáid leictreonach agus páipéir araon mar seo a leanas;

- Taifid airgeadais a bhaineann le soláthair earraí, trealaimh agus seirbhísí neamhTF
- Doiciméid a bhaineann le ceannach earraí, trealaimh agus seirbhísí neamhTF
- Sonraisc agus doicméadúchán tacaíochta
- Ráitis Chreidiúnaithe
- Faisnéis Phleanáil Airgeadais
- Faisnéis airgeadais agus cuntasaíochta
- Treoirlínte & nósanna imeachta bhainistíocht airgeadais
- Doiciméid a bhaineann le riarachán ginearálta na rannóige

Aonad Acmhainní Daonna

Ról an Aonaid

Tá freagracht ag an Aonad Acmhainní Daonna (Aonad AD) as mar seo a leanas:
Earcaíocht, sannacháin, aistriú agus ardú Oifigeach Promhaidh

- Earcaíocht agus sannacháin Ionadaithe
- Sannacháin Foirne Riaracháin
- Leibhéil foirne
- Forbairt Lámhleabhar Foirne
- Comhordaitheoir le haghaidh "Daoine Teagmhála Ceaptha" de réir Cairte chun na Dínite san Ionad Oibre
- Iarratais ghairmeacha beatha
- Obair AD ghinearálta

Struchtúr an Aonaid

Tá an tAonad Acmhainní Daonna lonnaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh, Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 agus tá 3 phearsanra ann mar a leanas:

Príomhoifigeach Promhaidh Cúnta (1)
Príomhoifigeach Cúnta (1)
Ardoifigeach Feidhmiúcháin (1)
Oifigeach Feidhmiúcháin (1)
Oifigeach Cléireachais (2)

Tá an tAonad Acmhainní Daonna faoi stiúradh Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna.

Seachadadh Seirbhíse

Déileálann an aonaid Acmhainní Daonna go príomha le foireann agus lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh.

Bíonn an tAonad Airgeadais comhoibrithe leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le cúrsaí pearsanra agus foirne.

Maidir le soláthair seirbhísí díreach chuig baill an phobail ba é an phríomhidirghníomhaíocht sa chás seo ná:

- Gníomhaíochtaí Foghraíochta
- Ceisteanna ón bPobal

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Cairt chun na Dínite san Ionad Oibre
- Cairt Chustaiméirí
- Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Faisnéis Infhaighte

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

Faisnéis phearsanra a bhaineann leis an bhfoireann
Tá faisnéis phearsanta á gcoinneáil ar ghréasán ríomhaire na Seirbhíse Promhaidh agus ar chomhaid pháipéir atá stóráilte lárnach. Bíonn faisnéis phearsanta á mbainistiú ar an gcomhad a bhaineann leis an oifigeach aonair.

Faisnéis Neamhphearsanta
Is é atá san fhaisnéis neamhphearsanta:

- Cóipeanna fhoilseacháin na Seirbhíse Promhaidh
- Doiciméid AD ghinearálta

Aonad Teicneolaíocht Faisnéise

Ról an Aonaid

Is é ról an aonaid infrastruchtúr TF éifeachtach a sholáthair agus tacaíocht a thabhairt dó a éascaíonn leis an tSeirbhís Phromhaidh lena a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá freagracht aige as mar seo a leanas:

- Tacaíocht oibríochta do na córais ríomhaire atá ann faoi láthair lena n-áirítear sábháilteacht an chórais agus infhaighteacht na n-áiseanna
- Córais agus ailtireachtaí teicniúla atá ann faoi láthair a cothabháil agus a fheabhsú
- Forbairt, bainistíocht agus tacaíocht ghréasán na Seirbhís Promhaidh
- Tacaíocht a thabhairt do Dheasc Freastail
- Bainistíocht agus tacaíocht na bhfeidhmeanna atá ann faoi láthair
- Dearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna nua de réir mar atá de dhíth
- Crua-earraí, bogearraí agus tomhaltáin a bhaineann le TF agus seirbhísí TF a cheannach.
- Comhlíonadh le Reachtaíocht um Chosaint Sonraí a chinntiú
- Straitéis na Teicneolaíochta Faisnéise a chur i bhfeidhm

Struchtúr an Aonaid

Tá an tAonad TF lonnaithe ag an tSeirbhís Phromhaidh, Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 agus tá 5 phearsanra ann mar a leanas:

Ardoifigeach Feidhmiúcháin (1)
Oifigeach Feidhmiúcháin (1)
Oifigeach Cléireachais (2)

Tá an tAonad TF faoi stiúradh Leas-Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna.

Seachadadh Seirbhíse

Is custaiméirí de chuid An Aonaid TF comhdhéanta de foireann agus lucht bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh agus Nascoibrithe atá ag obair i suíomhanna de chuid na Seirbhíse Promhaidh.

Bheadh an tAonad TF i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le gníomhaíochtaí eile na Roinne agus le Ranna eile an Rialtais chomh maith.

Maidir le soláthair seirbhísí díreach chuig baill an phobail ba é an phríomhidirghníomhaíocht sa chás seo ná:

- soláthraithe earraí agus trealamh TF
- conraitheoirí a thabharfadh comhairle, saineolas agus comhairliúchán i réimsí a bhaineann le TF.

Faisnéis Infhaighte

- Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Promhaidh
- Ráiteas Straitéise na Seirbhíse Promhaidh
- Beartas um Úsáid Inghlactha de chuid na Seirbhíse Promhaidh

Cineálacha Taifead atá i Seilbh na Seirbhíse

Tá taifid i seilbh an Aonaid Airgeadais i bhformáid leictreonach agus páipéir araon.

Tá freagracht ag an Aonad TF as stóráil agus cóip chúltaca a dhéanamh ar shonraí leictreonach as na feidhmeanna uile a sholáthraíonn an tSeirbhís Phromhaidh, a bhfuil ann faoi láthair mar a leanas:

- Córas Rianaithe le haghaidh Cásanna na Seirbhíse Promhaidh
- Córas Bainistíochta Faisnéise
- Córas Bainistíochta na Seirbhíse Promhaidh (Bunachar Sonraí AD inmheánach)
- Córas Bainistíochta nach mbaineann le Ciontóirí
- Cuntais r-phoist
- Leabharlann Doiciméad

Is féidir go mbíonn taifid á stóráil ag an Aonad TF i bhformáid ceachtar leictreonach nó páipéir mar seo a leanas:

- Tuarascálacha teicniúla agus doicméadúchan córais
- Taifid airgeadais a bhaineann le soláthair earraí, trealaimh agus seirbhísí neamhTF
- Faisnéis airgeadais agus cuntasaíochta
- Faisnéis a bhaineann le riarachán ginearálta na rannóige.

Rannóg 16
na nACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE 1997 & 2003

Réamhrá

Éilíonn Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an tSeirbhís faisnéis a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur ar fáil maidir leis na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe agus innéacs d'aon fhasaigh a chomhadaítear le haghaidh cinntí chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an tSeirbhís maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoi achtachán na scéime in éineacht le faisnéis maidir leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.

Is é an cuspóir go bhfuil rochtain poiblí ar na rialacha, fasaigh srl, faoina bhfuil cinntí á ndéanamh a gcuireann isteach ar chearta, phribhléidí, shochair na saoránach aonair, sa dóigh gur féidir le gach saoránach breith eolasach a dhéanamh dá bhfuair sé a gcuid /a cuid teidlíochtaí ina n-iomláine.

Is beag cineálacha achtachán nó scéimeanna, atá clúdaithe in alt 16, a riarann an tSeirbhís. Tá faisnéis ar na rialacha, treoirlínte srl a úsáideann an tSeirbhís ina gcúrsaí gnó, áfach, curtha ar fáil le haghaidh faisnéise.

An Stiúrthóireacht Oibríochtaí

Reachtaíocht

An tAcht um Promhadh Ciontóirí, 1907 atá leasaithe ag an Acht um Cheartas Cóiriúil (Riarchán), 1914 agus curtha i bhfeidhm ag Achtanna ina dhiaidh sin. *(Orduithe Promhaidh).*

An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977/1984

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983 *(Orduithe Seirbhíse Pobail).*

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1960 *(Maoirseacht Ciontaithe ar scaoileadh ó choimhéad).*

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 *(Páirtphianbhreitheanna ar fionraí).*

Acht na Leanaí, 2001.

An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2003 (Scaoileadh Sealadach Ciontóirí).
Rialacha na Cúirte Dúiche

An Stiúrthóireacht Taighde, Oiliúna & Forbairt

Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG)

Tá freagracht ag an stiúrthóireacht seo as roll-amach an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Gníomhúchain (CBFG) agus le cinntiú go dtugtar tacaíocht agus oiliúint cuí mar thaca leis seo.

Cuirtear sé seo i bhfeidhm de réir nósanna imeachta mar a imlínítear i bhfoilseacháin agus i gciorcláin de chuid na Roinne Airgeadais agus atá faoi mhaoirseacht na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

An Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha/Acmhainní Daonna

Aonad Seirbhísí Corparáideacha

Cosaint Sonraí

Bhí an tSeirbhís Phromhaidh cláraithe le haghaidh Cosaint Sonraí i 2006 de réir mar a éilíodh san Acht um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá an fhreagracht ag an Aonad Seirbhísí Corparáideacha as athbhreithniú agus nuashonrú an chlárúcháin ar bhonn leanúnach.

Saoráil Faisnéise

Imlínítear riarachán Saoráil Faisnéise sa tSeirbhís Phromhaidh i gCuid 1 an leabhair thagartha seo (leathanach 3-5). De réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003, tá teideal ag duine ar bith iarratas a chur isteach ar rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí ar dhóigh eile.

Sláinte & Sábháilteacht

Tá nósanna imeachta a bhaineann le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta sa tSeirbhís Phromhaidh leagtha amach i ráitis sábháilteachta de chuid na Seirbhíse Promhaidh.

Ceisteanna Parlaiminteacha

Tá freagracht ag Seirbhísí Corparáideacha as bainistíocht agus comhordú na gCeisteanna Parlaiminteacha.

Ceannach Earraí/Seirbhísí

Bronnann an tSeirbhís Phromhaidh conarthaí de réir nósanna imeachta mar a imlínítear i bhfoilseacháin agus i gciorcláin de chuid na Roinne Airgeadais.

Is iad nósanna imeachta foilsithe le haghaidh soláthair:

- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí
- Soláthair Poiblí
- Breac-Chuntas ar Nósanna Imeachta maidir le Conarthaí an Rialtais

Tá siad seo ar fáil ó Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá beartas na Seirbhíse Promhaidh maidir le seirbhís do chustaiméirí i gCairt na Seirbhíse Promhaidh um Sheirbhís do Chustaiméirí.

Aonad Airgeadais

Riachtanais agus Cleachtais Chuntasaíochta

Gabhann prionsabail Chuntasaíocht an Rialtais don chuid is mó as an mBunreacht agus as idirchaidrimh institiúideacha agus airgeadais idir an parlaimint agus an feidhmeannach ar a ndearnadh forbairt le linn na mblianta. Tá freagracht ag riarthóirí uile i Ranna an Rialtais as bainistíocht agus úsáid acmhainní an stáit agus leagann an Roinn Airgeadais mionrialacha agus nósanna imeachta amach le cinntiú go mbaintear é seo amach.

Is iad rialacha, nósanna imeachta agus treoirlínte faoina bhfuil an tAonad Airgeadais ag oibriú mar seo a leanas;

- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí
- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997
- Soláthair Poiblí
- Breac-Chuntas ar Nósanna Imeachta maidir le Conarthaí an Rialtais

Tá na foilseacháin seo ar fáil ó Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais.

Aonad Acmhainní Daonna

Oibríonn an tAonad Acmhainní Daonna de réir forálacha chiorcláin na Roinne Airgeadais atá sa Chód Pearsanra. Tá an Cód seo ar fail ó www.codepearsanra.ie.

Tá freagracht aige fosta chun beartas "Dínite san Ionad Oibre" de chuid na Seirbhíse Promhaidh atá sa chairt chun na "Dínite san Ionad Oibre".

Is fostóir comhdheiseanna é an tSeirbhís Phromhaidh agus atá faoi cheangal na hAchta um Stádas Comhionann, 2000.

Aonad Teicneolaíocht Faisnéise

Soláthair Earraí nó Seirbhísí

Bronnann an tSeirbhís Phromhaidh conarthaí TF de réir nósanna imeachta mar a imlínítear i bhfoilseacháin agus i gciorcláin de chuid na Roinne Airgeadais.

Is Ciorclán 16/97 den Roinn Airgeadais é an ciorclán uileghabhálach maidir le TF: Socrú Tarmligin Nua le haghaidh caiteachais a bhaineann le TF (agus Trealamh Oifige san áireamh).

Is iad nósanna imeachta foilsithe le haghaidh soláthair:

- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí
- Soláthair Poiblí
- Breac-Chuntas ar Nósanna Imeachta maidir le Conarthaí an Rialtais

Tá siad seo ar fáil ó Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais.